Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

13052/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0151(COD)**

**CODEC 1648**
**AUDIO 77**
**DIGIT 197**
**CONSOM 276**
**TELECOM 333**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/13/AE ón gComhairle maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 26 Bealtaine 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 2 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 9479/16.
[2] 12689/18.

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Deireadh Fómhair 2016[3].

4. Ar an 7 Nollaig 2016, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa mar a leagtar amach in PE-CONS 33/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ag cruinniú a bheidh ar siúl amach anseo, leis an Danmhairg, an Ísiltír, Poblacht na Seice, an Fhionlainn agus Éire ag vótáil ina coinne, agus Lucsamburg ag staonadh ón vótáil;

- a ordú go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[3] IO C 34, 2.2.2017, lch. 157.
[4] IO C 185, 9.6.2017, lch. 41.